



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2018*

Stampa an Ionaid

*Gaeilge  
Gnáthleibhéal*

**Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)**

160 MARC

**Dé Luain  
11 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50**

## **Cuid I: Cluastuiscint** (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# **Cuid I: Cluastuiscint**

(60 Marc)

---

## ***Treoracha d'iarrthóirí***

---

**Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.**

**Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.**

---

# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén lá a bheidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl?	
Cén t-am a thosóidh an ceolchoirm mhór?	
Scríobh síos rud <b>amháin</b> a bheidh ar siúl le linn na ceolchoirme.	
Cad a bheidh ar siúl ag Liam de Brún sa léachtlan?	

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cad a bheidh ar siúl san ionad pobail ar feadh ceithre oíche?

---

(b) Cad a dhéanfar leis an airgead ar fad a bhaileofar?

---

2. (a) Cad a rinne a lán damáiste sa cheantar le déanaí?

---

(b) Cé mhéad a chosnóidh an obair dheisiúcháin?

---

# Cuid B

---

Cloisfidh tú **dhá** comhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

### *An Chéad Mhír*

1. Cá mbeidh an ócáid speisialta ar siúl anocht?

---

2. Scríobh síos rud **amháin** a bhíodh ar siúl ag na scoláirí in Áras na Seandaoine.

---

### *An Dara Mír*

1. Cad a bhí ar siúl sa scoil i mí an Mhárta?

---

2. Cá fhad a chaitheann an grúpa scoláirí ag obair san ionad lae gach Satharn?

---

## COMHRÁ A DÓ

### *An Chéad Mhír*

1. Cén bhliain a tháinig Jakub agus a theaghlach go hÉirinn?

---

2. Cén post atá ag máthair Jakub?

---

### *An Dara Mír*

1. Cén spórt a imríonn Jakub le foireann na sinsear ar scoil?

---

2. Cathain a bheidh an Fhéile Ilchultúrtha ar siúl?

---

# Cuid C

---

Cloisfidh tú **dhá** píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

---

## PÍOSA A hAON

1. Cén bhliain a rugadh Caitlín Nic an Ultaigh?

---

2. Cá ndeachaigh Caitlín agus a muintir ar imirce nuair a bhí sí trí bliana d'aois?

---

## PÍOSA A DÓ

1. Cén dáta a bhí an ócáid speisialta seo ar siúl?

---

2. Cad a bhí le déanamh ag Leo Varadkar ag deireadh an chúrsa?

---

# **Cuid II: Ceapadóireacht**

(100 Marc)

---

## ***Treoracha d'iarrthóirí***

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Clár teilifíse a thaitníonn liom.
- (ii) An geimhreadh.
- (iii) Is aoibhinn liom an Satharn.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar **thús** leis.

- (i) Bhí mé ag súil go mór leis an gceolchoirm. Bhí mé ag stad an bhus nuair a smaoinigh mé ar mo thicéad ...  
**nó**
- (ii) Bhuamar an cluiche agus bhí cóisir (féasta) sa halla againn an tráthnóna sin. Bhí atmaisféar iontach sa halla ...

## C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

- (i) Tá post samhraidh agat i Londain agus tá tú ag fanacht le do dheartháir / do dheirfiúr. Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin bpost **agus** ag cur síos ar na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn tú saor ón obair.  
**nó**
- (ii) Fuair tú fón póca nua le déanaí. Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin bhfón póca nua **agus** faoi na rudaí is féidir leat a dhéanamh leis.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Fuair do thuismitheoirí glaoch ón bpríomhoide ag rá leo gur bhris tú rialacha na scoile. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin.  
**nó**
- (ii) Is maith leat do cheantar dúchais ach ní maith le do chara é. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi sin.

**Leathanach Bán**